Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

# MA (Léann an Aistriúcháin)

## Aistriú Téacsanna / Fotheidealú



**Tá an cúrsa seo á chur ar fáil ar mhaithe leo siúd ar spéis leo oiliúint i ngnéithe scileanna aistriúcháin ghinearálta agus scileanna fotheidealúcháin. Féadfaidh an mac léinn modúil sna iastriúchán téacsanna nó sna fhotheidealú a roghnú sa dara bliain d'fhonn speisialtóireacht a dhéanamh, nó féadfar meascán a roghnú chun cáilíocht níos ginerálta a bhaint amach.**

Gheofar léargas ar na huirlisí éagsúla teicneolaíochta a mbaineann aistritheoirí na Gaeilge leas astu—bogearraí aistriúcháin ríomhchuidithe ina measc. Toisc gur foghlaim chumaisc (meascán de ranganna ar líne agus roinnt ceardlann ar an gcampas féin) atá i gceist, feileann an cúrsa seo thar cionn do dhaoine atá ag obair go lánaimseartha nó go páirtaimseartha.

**Na cláir:** MA

**Fad ama: :** Dhá Bhliain

**Líon áiteanna:** 20

**Cód an chúrsa:** 1MAL2

**Táillí agus maoiniú:** Le tuilleadh eolais a fháil faoi tháillí agus faoi dheiseanna maidir le maoiniú, féach https://www.universityofgalway.ie/courses/taught-postgraduate-courses/leann-aistruichain-ma.html
Bronnfar deontas dar luach tuairim is trian de tháillí an chúrsa ar gach mac léinn i bhfoirm aisíocaíochta i seimeastar 2.

**Cathain iarratas**
**A dhéanamh:** Níl aon dáta deiridh leagtha síos ag Ollscoil na Gaillimhe.

**Cúiseanna chun tabhairt faoi na cúrsaí:**
1. Is féidir tabhairt faoin gcúrsa seo agus tú áit ar bith sa tír nó níos faide i gcéin—beidh formhór an chúrsa ar bun ar líne mar aon le ceithre cheardlann lae sa bhliain (ar an Satharn) ar champas na hOllscoile.
2. Gheobhaidh tú léargas grinn ar cheird an aistriúcháin ó theagascóirí a bhfuil taithí na mblianta acu ar cheird an aistritheora.
3. Is féidir le mic léinn 30 ECTS ón Teastas Iarchéime a bhreith leo mar chuid de líon iomlán ECTS an MA (Léann an Aistriúcháin).

www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



## Leagan amach an chúrsa: Modúil/Sruthanna

### Bliain 1 (modúil chomónta)

- An Caighdeán Oifigiúil
- Cruinnscríobh agus Comhréir na Gaeilge
- Aistriú Téacsanna 1
- Aistriú téacsanna 2

### Blain 2

- Modheolaíochtaí Tionscadail agus Taighde (croímhodúil)

Móide 5 mhodúil sna réimsí seo thíos:

**Aistriú:**
Eagarthóireacht & Profáil, Aistriú (litríocht, Téacsleabhair, Ábhair Eorpach srl), Teicneolaíocht an Aistriúcháin

**Fotheidealú:**
Aistriúchán Closamhairc, Teoiric, Téarmaíocht, Fotheidealú (Inteangach, Beo, idirteangach), Tráchtaireacht Fuaime.

Róghnóidh an mac léinn 5 mhodúil as ceachtar sruth d'fhonn speisialtóireacht a dhéanamh nó 5 mhodúil idir an dá shruth (ag brath ar mhodúil a bheith ar fáil) chun cáilíocht níos ginerálta a bhaint amach.

**Miontráchtas Taighde**
Scríobhfaidh an mac léinn miontráchtas taighde ar ábhar a chomhaontófar le comhordaitheoir an chúrsa.

Eolas faoi chúrsaí ag www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh

## Deiseanna gairme

Baineann an-chuid deiseanna oibre leis an aistriúchán: mar fhéinfhostaíocht, mar shlí bheatha do dhaoine ar mhaith leo a bheith ag obair sa bhaile, agus mar bhealach chun ioncam breise a ghnóthú don té atá ag obair i bpost lánaimseartha nó páirtaimseartha. Éiríonn le daoine a bhfuil cáilíocht aistriúcháin acu poist a fháil go rialta le gnólachtaí aistriúcháin, na meáin chumarsáide, eagraíochtaí Gaeilge, institiúidí an Aontais Eorpaigh, agus eagraíochtaí stáit.

## Riachtanais iontrála

**MA:** Bunchéim Dara hOnóracha, Grád 2 ag leibhéal 8, nó Dara hOnóracha, Grád 2 i gclár iarchéime i réimse gaolmhar. Ní mór d'iarratasóirí tabhairt faoi scrúdú iontrála chun a gcumas i scríobh na Gaeilge a léiriú.

**Teastas Iarchéime:** Bunchéim Dara hOnóracha, Grád 2 ag leibhéal 8, nó Dara hOnóracha, Grád 2 i gclár iarchéime i réimse gaolmhar. Ní mór d'iarratasóirí tabhairt faoi scrúdú iontrála chun a gcumas i scríobh na Gaeilge a léiriú.

## Tuilleadh eolais le fáil ag:

Tomás Ó Maolalaidh
F: +353 91 492 734
R: aistriu@ollscoilnagaillimhe.ie

r: www.universityofgalway.ie/courses/taught-postgraduate-courses/leann-aistruichain-ma.html